# Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

## Gníomhaíocht I: Cleachtas gairmiúil a stiúradh

Ba cheart go mbeadh struchtúir forbairt ghairmiúil i bhfeidhm i suíomhanna luath-óige chun an cleachtas gairmiúil a chur chun cinn agus chun tacú leis, mar shampla am machnaimh a chur ar fáil do gach cleachtóir. Cabhraíonn Gníomhaíocht I leat athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir sa suíomh.

| | Agus muid ag tacú le daoine eile machnamh a dhéanamh ar a gcuid eolas gairmiúil agus a gcuid scileanna agus iad a thabhairt chun dáta agus a athnuachan, déanaimid mar seo a leanas… | Samplaí de láidreachtaí reatha agus/nó nótaí maidir le réimsí ar gá iad a fhorbairt |
|---|---|---|
| a. | am a chur ar fáil do na cleachtóirí ar fad machnamh a dhéanamh ina n-aonar agus lena bhfoireann. | |
| b. | oiliúint inseirbhíse rialta a sholáthar, cruinnithe foirne a reáchtáil, agus tacaíocht agus maoirseacht a sholáthar, aiseolas cuiditheach agus tacúil ar an gcleachtas a thabhairt agus a ghlacadh. | |
| c. | am a chur i leataobh go rialta, sna cruinnithe foirne seachtainiúla nó uair sa mhí, chun labhairt ar thaithí na foirne ar ghníomhaíochtaí forbairt ghairmiúil, rud a chuirfidh ar a gcumas eolas agus léargais a chomhroinnt. | |
| d. | am a chur ar fáil go rialta chun dúshláin a thagann chun cinn sa chleachtas a phlé, agus na baill foirne a spreagadh le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde chun cabhrú le réitigh a cheapadh nó leis an gcleachtas a athrú. | |

Curtha in oiriúint ó Achoimre Taighde *Síolta* ar an gCleachtas Gairmiúil.

| | Agus muid ag tacú le daoine eile chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid eolas gairmiúil agus a gcuid scileanna agus iad a thabhairt chun dáta agus a athnuachan, déanaimid mar seo a leanas… | Samplaí de láidreachtaí reatha agus/nó nótaí maidir le réimsí ar gá iad a fhorbairt |
|---|---|---|
| e. | acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne neamhcháilithe, nó dóibh siúd atá faoi oiliúint, chun a spriocanna forbairt ghairmiúil féin a bhaint amach. Féach *Gníomhaíocht D Machnamh ar na meonta, scileanna, inniúlachtaí agus eolas atá agam*. Cleachtóirí a spreagadh chun leanúint leis an oiliúint fhoirmiúil theistithe agus chun freastal ar réimse deiseanna oiliúint /forbairt ghairmiúil leanúnach neamhtheistithe. | |
| f. | acmhainní agus tacaíocht a sholáthar do bhaill foirne cháilithe chun cur lena gcuid scileanna agus deiseanna breise oiliúna agus oideachais a thapú trína gcuid spriocanna forbairt ghairmiúil féin a bhaint amach, trí oiliúint fhoirmiúil theistithe agus trí fhreastal ar réimse deiseanna oiliúint /forbairt ghairmiúil leanúnach neamhtheistithe. Féach *Gníomhaíocht D Machnamh ar na meonta, scileanna, inniúlachtaí agus eolas atá agam*. | |
| g. | cleachtóir amháin, ag a bhfuil seantaithí agus na cáilíochtaí ábhartha, a shainaithint chun cabhrú le baill foirne faoi oiliúint agus/nó le mic léinn ar shocrúchán oibre. | |
| h. | baill foirne a spreagadh chun taifead nó cuntas a choimeád ar ghníomhaíochtaí gairmiúla mar fhoinse úsáideach léargais agus foghlama. | |
| i) | cabhrú le gach cleachtóir, agus go háirithe leo siúd atá tagtha chun na foirne le déanaí, dul i dtaithí ar ár bhfís, ár ráiteas curaclaim, agus ár bplean fadtréimhseach. | |
| j. | deiseanna taighde a chur ar fáil chun tabhairt faoi léitheoireacht agus faoi thaighde a bhaineann leis an gcleachtas. Nuair is féidir é, cuirimid spás le haghaidh acmhainní ar fáil ina bhfuil leabhair, irisí agus fáil ar an idirlíon chun cur ar chumas na foirne ábhair ar líne a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí oideachais nó líonraithe. | |

| | Agus muid ag tacú le daoine eile machnamh a dhéanamh ar a gcuid eolas gairmiúil agus a gcuid scileanna agus iad a thabhairt chun dáta agus a athnuachan, déanaimid mar seo a leanas... | Samplaí de láidreachtaí reatha agus/nó nótaí maidir le réimsí ar gá iad a fhorbairt |
|---|---|---|
| k. | cleachtóirí a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i gcruinnithe líonraithe le daoine gairmiúla eile, agus féachaint ar an gcleachtas i suíomhanna eile. | |

| | Ag cuimhneamh ar na láidreachtaí agus ar na réimsí feabhais a aithníodh thuas, is féidir linn cabhrú le daoine eile machnamh a dhéanamh ar a gcuid eolais agus a gcuid scileanna agus iad a thabhairt chun dáta mar seo a leanas: |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |